RTÉ

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi RTÉ agus RnaG. Sula bhféachann tú ar an mír, scríobh amach na hacrainmneacha seo i bhfocail:

RTÉ, RnaG agus TG4



Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaígí gur casadh eachtrannach oraibh a d'fhiafraigh díbh cur síos a dhéanamh ar na craoltóirí thuas. Cad a déarfadh sibh?

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *permanent leader/head*
- *restructuring*
- *the station's management system*
- *joint committee*
- *acting head*
- *content director*
- *very worthwhile*
- *inequality*
- *their associates*
- *extra allowance*
- *review/reassessment*

Féach ar an mír den chéad uair, le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair an cheist seo:

Cé a bhí ag freastal ar an gcomhchoiste oireachtais agus cad a bhí le rá acu?

Ceist 4 Cén chanúint atá ag na cainteoirí sa mhír? Cad iad na focail agus na gnéithe den teanga a chuireann an chanúint sin in iúl?

Ceist 5 '…**an-fh**iúntach go deo…' agus '…ar ais againn**e**…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo a leanas le chéile:

1. Cad iad na rialacha a bhaineann le **an-**?
2. An bhfuil aon bhealach eile ar eolas agaibh chun 'go deo' a chur in iúl?
3. Cén fáth a bhfuil an 'e' ag deireadh 'againn' sa sampla thuas?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad é do bharúil faoi RTÉ, RnaG agus TG4?
2. Cad é an clár teilifíse is fearr a chonaic tú ar na mallaibh? Déan cur síos air.
3. Pléigí na difríochtaí idir an raidió agus podchraoltaí.
4. Déan cur síos ar chlár raidió nó podchraoladh a bhfuil dúil agat ann.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Tháinig an t-eolas seo a leanas ó Vicipéid.

RTÉ – Raidió Teilifís Éireann

Craoltóir seirbhíse poiblí na hÉireann. Craolann sé cláir ar an teilifís, ar an raidió agus ar an idirlíon. Thosaigh an tseirbhís raidió ar 1 Eanáir 1926 agus thosaigh craoltaí leanúnacha teilifíse ar 31 Nollaig 1961.

RnaG – Raidió na Gaeltachta

Seirbhís lán-Ghaeilge raidió é RnaG a thosaigh ag craoladh ó Chasla, Conamara ar Dhomhnach Cásca, 1972. Cé gur ar phobail Ghaeltachta is mó a dhéanann sé freastal, tá líon mór éisteoirí aige go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

TG4

Is stáisiún teilifíse Éireannach é **TG4** atá dírithe ar chainteoirí Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain ar an idirlíon. Thosaigh an stáisiún ag craoladh ar Oíche Shamhna 1996 mar **Teilifís na Gaeilge**, nó "*TnaG*", ach athraíodh an t-ainm go TG4 sa bhliain 1999.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

permanent leader/head – ceannaire buan
restructuring – athstruchtúrú
the station's management system – córas bainistíochta an stáisiúin
joint committee – comhchoiste
acting head – ceannaire gníomhach
content director – stiúrthóir ábhair
very worthwhile – an-fhiúntach
inequality – míchothromaíocht
their associates – a gcomhpháirtithe
extra allowance – liúntas breise
review/reassessment – athbhreithniú

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá canúint Chonnacht ag na cainteoirí.

- ✓ uilig – uile
- ✓ tada – dada
- ✓ sa mbliain – sa bhliain atá sna canúintí eile
- ✓ an dóigh a bhfuaimnítear focail áirithe. Éistigí leis na focail seo arís – a cheapadh, críochnaithe, inniu, seachtainiúil, dream, againne, á fhógairt.

Ceist 5

1. Bíonn fleiscín i gcónaí tar éis **an-**. Cuirtear séimhiú ar fhocail dar tús consan tar éis **an-**, seachas ar fhocail a thosaíonn le **d**, **s**, nó **t**. Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar fhocail a thosaíonn le guta.
2. Go brách, chóiche. Agus 'ar fad' an chiall atá leis an sampla sa mhír.
3. Is í an fhoirm threise den fhorainm réamhfhoclach 'againn' atá ann.

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha
Tá sé i gceist ceannaire buan a cheapadh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta amach anseo, a dúirt an ceannasaí ar Ábhar Craolta RTÉ, Jim Jennings, inniu. Ach, ní tharlóidh sé sin go mbeidh athbhreithniú ar athstruchtúrú chóras bainistíochta an stáisiúin críochnaithe. Pléadh todhchaí an Raidió ag comhchoiste oireachtais tráthnóna.

Séamus Ó Scanláin
I láthair ag an gcomhchoiste oireachtais inniu thar ceann RTÉ Raidió na Gaeltachta, bhí ceannaire gníomhach an stáisiúin, Gearóid Mac Donncha, chomh maith le Grúpcheannasaí Gaeilge RTÉ, Ronan Mac Con Iomaire agus Stiúrthóir Ábhar RTÉ, Jim Jennings. Thagair Gearóid Mac Donncha don taighde Fios Físe, atá ar bun ag RnaG faoi láthair i gcomhar le TG4 agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i dtaca le lucht éisteachta de. Taighde leanúnach atá ar bun a dúirt sé agus foilseofar fíricí faoi in am tráth.

Gearóid Mac Donncha, Ceannaire Gníomhach, Raidió na Gaeltachta
Tá muid ag dul díreach anois chuig pobal na Gaeilge, na daoine atá ag labhairt na Gaeilge go laethúil agus go seachtainiúil. Sin iad an dream is mó a bhfuil muid ag díriú orthu sa tír seo. Agus táimid ag súil as Fios Físe go dtiocfadh eolas ar ais againne faoi cé na Gaeilgeoirí atá ag éisteacht linn. Cá bhfuil siad? Cé hiad féin? Agus is eolas é sin a bheas[1] an-fhiúntach go deo.

Séamus Ó Scanláin
Ansin, chuir an Teachta Dála do Ghaillimh Thiar, Éamon Ó Cuív, an cheist maidir leis an míchothromaíocht pá, a dúirt sé atá ann in RTÉ, sa mhéid is go bhfuil pá chraoltóirí Raidió na Gaeltachta níos ísle ná a gcomhpháirtithe i nDomhnach Broc. Más tada[2], a dúirt an t-iarAire Gaeltachta, ba cheart liúntas breise a bheith ann do chraoltóirí RnaG.

Dúirt Rónán Mac Con Iomaire gur bhain sé uilig[3] le grádú clár reachtaire atá ann ó aimsir ó bhunú an stáisiúin.

Rónán Mac Con Iomaire, Grúpcheannasaí Gaeilge RTÉ
Ach, mar a deirim, tá tús curtha le próiseas anois ina bhfuiltear ag breathnú ar na gráid ar fad san eagraíocht.

Éamon Ó Cuív, Teachta Dála do Ghaillimh Thiar
Mura mbeimid cúramach beimid ag dul siar go Cromail. Seachtó a dó, bíodh muid réasúnta - tá an saol athraithe go mór ó sheachtó a dó.

Séamus Ó Scanláin
D'fhiafraigh Éamon Ó Cuív ansin, cén fáth nach bhfuil ceannaire buan ar RnaG, in áit an cheannaire áitreabhaigh atá ann le breis is bliain. D'fhreagair Jim Jennings an cheist sin, á rá go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar na struchtúir bhainistíochta in RTÉ trí chéile le tamall, agus go mbeadh an post don cheannaireacht in RnaG á fhógairt amach anseo.

Dúradh go bhfaigheann RTÉ céad ochtó a dó milliún euro sa mbliain[4] faoi láthair ón gceadúnas teilifíse agus go dtéann aon mhilliún déag uilig ó sin go RnaG.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

[1] Foirm choibhneasta a úsáidtear i nGaeilge Chonnacht.
[2] Is é *dada* an leagan caighdeánach.
[3] Is é *uile* an leagan caighdeánach.
[4] Córas Chonnacht